# Droichead agus an FTG – Ról agus Freagrachtaí Molta

**Droichead: An cuspóir**

*Is é príomhchuspóir phróiseas Droichead* ***tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí nuacháilithe*** *le linn céim an ionduchtaithe, rud a* ***chuirfidh síos dúshraith don fhás agus don fhoghlaim ghairmiúil a thiocfaidh ina ndiaidh*** *sa chéad chéim eile dá ngairmré. (*Beartas Droichead, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Márta 2017)

**Ról an FTG (an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla)**

Is próiseas comhoibritheach é i gcónaí tacú leis an MNC trí phróiseas Droichead. Dhá chuid atá i ról an FTG:

- treoir agus comhairle a chur ar an MNC le linn an ionduchtaithe scoile, sna chéad chéimeanna den aistear gairmiúil.

- dearbhú a thabhairt, i gcomhar leis an MNC go raibh siad páirteach i bpróiseas ardchaighdeáin múinte agus foghlama.

**Freagrachtaí Molta an FTG**

Chun an FTG a threorú ina ról, tugtar thíos moltaí maidir le freagrachtaí. Ní liosta cuimsitheach é seo agus is féidir leis an FTG é a shaincheapadh dá riachtanais féin. Cé go mbeidh freagrachtaí maidir le tacaíocht agus meantóireachta ar gach ball foirne, féadfaidh an FTG cuid de na freagrachtaí eile a shannadh do dhaoine ar leith san fhoireann.

Inseoidh an FTG don MNC ag an gcruinniú tosaigh cad iad an ról agus na freagrachtaí aontaithe a bheidh ar an FTG.

CC BY SA



CC BY NC

| FTG: Freagrachtaí Molta |
| --- |
| ● Dul i gcomhairle le baill an FTG maidir le hionchur ar phróiseas Droichead i gcruinnithe foirne i mbun pleanáil ghníomhach leis an MNC maidir le Caighdeáin Droichead<br>● Comhordú a dhéanamh ar an bplean agus ar ghníomhachtaí ionduchtúcháin<br>● Comhordú a dhéanamh ar an obair leis an MNC, ag úsáid an Anailís ar Riachtanais atá ag teacht chun cinn/an Phlean Ionduchtaithe<br>● Am scaoilte a eagrú do ghníomhaíochtaí ionduchtaithe Droichead<br>● Mioneolas a thabhairt d'fhoireann na scoile agus don Bhord Bainistíochta ar nádúr agus cuspóir rannpháirtíocht na scoile in Droichead<br>● Dul i gcomhairle le baill an FTG agus leis an MNC maidir le leagan amach Droichead don tréimhse ama a mbeidh an MNC ag múineadh sa scoil<br>● Tacaíocht ghairmiúil agus oideolaíoch don MNC<br>● Tacú le baill an FTG agus leis an MNC/na MNC<br>● Ról gach baill den FTG, an MNC agus an phríomhoide a aontú ag an gcéad chruinniú<br>● Teagmháil a dhéanamh le baill eile foirne maidir le deiseanna don MNC chun cuairt a thabhairt/breathnú a dhéanamh ina seomraí ranga agus dul i mbun oibre taobh leo<br>● An MNC a chumasú agus a chumhachtú chun freagraí ar cheisteanna a lorg/a fhoinsiú<br>● Mioneolas a chur ar fáil don MNC ar nádúr phróiseas Droichead sa scoil agus ar an gcuspóir atá leis<br>● Tacú a sholáthar don phleanáil & don ullmhúchán do theagasc agus d'fhoghlaim an MNC<br>● Teorainneacha soiléire a shocrú don ghaol idir an FTG agus an MNC<br>● Eolas ar bheartais agus ar nósanna imeachta uile na scoile a shoiléiriú don MNC<br>● Freastal ar fhorbairt ghairmiúil Droichead (tugtar cuireadh do dhuine amháin ón scoil)<br>● Dul i mbun comhpháirtíochta leis an MNC sa seomra ranga, e.g. breithniú agus plé<br>● Comhthadhaill le Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead<br>● Aiseolas a thabhairt agus a ghlacadh ar shlí chuiditheach, oscailte agus ghairmiúil<br>● Comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas iomlán Droichead i gcomhar le baill an FTG agus an MNC, lena n-áirítear sceidil de chruinnithe agus cláir oibre a chur ar fáil agus am scaoilte Droichead a chomhordú agus taifid chuí a choimeád<br>● Teacht ar chomhthoil maidir leis an gcomhdhearbhú agus Foirm D a shíniú, más cuí<br>● Comhordú a dhéanamh ar chríoch an phróisis Droichead don MNC le baill an FTG |

- A chinntiú go gcuirtear próiseas Droichead i gcrích go cuí sa scoil agus go gceaptar beartas scoile uile ar an ionduchtú.
- Eile…

## Droichead agus an MNC – Róil agus Freagrachtaí Molta

**Droichead: An cuspóir**

*Is é príomhchuspóir phróiseas Droichead* ***tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí nuacháilithe*** *le linn céim an ionduchtaithe, rud a* ***chuirfidh síos dúshraith don fhás agus don fhoghlaim ghairmiúil a thiocfaidh ina ndiaidh*** *sa chéad chéim eile dá ngairmré.*

(Beartas *Droichead*, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Márta 2017)

**Róil an MNC (an Múinteoir Nuacháilithe)**

Is próiseas comhoibríoch i gcónaí é an tacaíocht a thugtar do mhúinteoir nuacháilithe le linn Droichead. Is é atá i gceist le Droichead go bunúsach ná aistear gairmiúil an MNC agus próiseas a (h)ionduchtaithe. Príomhghné den phróiseas seo ná rannpháirtíocht MNC le comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu, agus machnamh ar na comhráite gairmiúla a tharlaíonn ina f(h)oghlaim ghairmiúil agus cleachtadh gairmiúil. Tá bealaí éagsúla ann inar féidir FTG a bhunú.

Tríd an rannpháirtíocht a bhíonn aige nó aici i bpróiseas Droichead, beidh na nithe seo a leanas déanta ag an MNC:

1. rannpháirteach go gairmiúil san ionduchtú scoilbhunaithe agus i ngníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise
2. tiomantas gairmiúil léirithe aige nó aici don teagasc agus foghlaim dá c(h)uid daltaí/mac léinn
3. rannpháirteach sa chleachtadh machnamhach a thacaíonn lena f(h)oghlaim ghairmiúil agus cleachtadh gairmiúil ina (h)aonair agus i gcomhar le daoine eile.

Bunaithe ar an méid thuas, comhlánaíonn an múinteoir nuacháilithe in éineacht le beirt chomhalta den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla, dearbhú comhpháirteach ag deimhniú go raibh siad rannpháirteach i bpróiseas fiúntach múinteoireachta agus foghlama.

**Freagrachtaí Molta an MNC**

Chun an MNC a threorú ina ról, tugtar thíos moltaí maidir le freagrachtaí. Ní liosta cuimsitheach é seo agus is féidir leis an MNC é a shaincheapadh dá riachtanais féin.

Inseoidh an FTG don MNC ag an gcruinniú tosaigh cad iad an ról agus na freagrachtaí aontaithe a bheidh ar an FTG

## MNC: Freagrachtaí Molta

- Deán iarratas ar Droichead ar www.teachingcouncil.ie, an ríomhphost deimhniúcháin a choiméad agus cóip a sheoladh ar aghaidh chuig an FTG
- Go to www.oide-droichead.com to register for Cluster Meetings
- Freastal ar chruinnithe braisle amháin in aghaidh an téarma i gcomhréir le do thionacht sa scoil
- A chinntiú go ndéantar Foirm D a líonadh isteach i gceart sula gcuirtear é chuig an gComhairle Mhúinteoireachta
- Machnamh a dhéanamh ar chleachtas agus é a mheasúnú i gcomparáid le Cód Iompair Ghairmiúil na Comhairle Múinteoireachta
- Bheith ar an eolas maidir le contanam na forbartha gairmiúla agus na freagrachtaí atá air/uirthi dá réir
- Bheith lánpháirteach i gclár ionduchtúcháin na scoile agus tabhairt faoi eilimintí an chláir sin
- Bheith mar chomhpháirtí i bhfoireann na scoile
- Bheith eolach ar bheartais agus ar nósanna imeachta uile na scoile
- Breathnaigh ar chleachtadh múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu, chomh maith le breathnóireacht chleachtadh an MNC a dhéanann an FTG.
- Foghlaim ó dhea-chleachtas seanbhunaithe mhúinteoirí na scoile agus/nó múinteoirí eile
- Machnamh a dhéanamh ar aiseolas gairmiúil an phríomhoide, an mheantóra/an FTG agus bhaill foirne eile a thugann comhairle ar theagasc agus ar fhoghlaim
- Aiseolas a thabhairt agus a ghlacadh ar shlí chuiditheach, oscailte agus ghairmiúil
- Ullmhú go críochnúil do gach ceacht agus an phleanáil ghearrthéarmach agus fhadtéarmach a bheith ar fáil agus cothrom le dáta
- Punann ghairmiúil Taisce a chur i dtoll a chéile in imeacht aimsire, chun tacú le próiseas machnaimh ar a chleachtas nó a cleachtas féin, trína gcuirfear fócas ar fáil do chomhráite gairmiúla a bheidh lárnach do Droichead, agus a chumasóidh don MNC réimsí ina bhfuil gá aige/aici le tacú nó treoir a shainaithint. D'fhéadfaí é a chruthú i bhfoirm chóip chrua nó doiciméad leictreonach. Meastar go mbeidh lucht na gairme ag smaoineamh le linn na treoirscéime ar cén fhoirm is fearr a thacódh le próiseas gairmiúil foghlama agus machnaimh do mhúinteoirí.
- Bheith rannpháirteach i bpleanáil ghníomhaíochta i gcomhar leis an FTG

- Comhoibriú leis an FTG chun réimsí spéise a shainaithint d'fhoghlaim ghairmiúil amach anseo
- Freastal ar sheisiúin forbartha gairmiúla agus cuidiú le foghlaim an ghrúpa trí bheith rannpháirteach go hiomlán
- Bheith eolach ar an dualgas cúraim i leith gach dalta sa scoil
- Glacadh le freagracht as cabhair agus comhairle a iarraidh
- Cloí le héiteas gairmiúil na scoile ó thaobh iompair agus teacht i láthair
- Bheith i mbun cleachtas machnamhach leis an FTG, rannpháirteach i bpróiseas fiúntach múinteoireachta agus foghlama, agus sínigh dearbhú comhpháirteach (Roinn 8-Foirm D

Tá próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm inar mian le MNCanna nó FTG ábhair imní a ardú maidir le gnéithe de phróiseas Droichead. Is é atá i gceist leis an bpróiseas seo céim neamhfhoirmiúil, ag leibhéal na scoile, agus céim níos foirmiúla ag leibhéal an CNIM. Chomh maith leis sin, táthar in ann saincheisteanna nach bhfuil réitithe a ardú sa Chomhairle Mhúinteoireachta, trína painéil um Dhearbhú Cáilíochta de chuid Droichead.


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers